Parlaimint na hEorpa
2024-2029

An Coiste um Ghnóthaí Eacnamaíochta agus Airgeadaíochta

2026/0802(NLE)

16.2.2026

DRÉACHT-TUARASCÁIL

ar an togra le haghaidh cheapachán Chathaoirleach an Údaráis Baincéireachta Eorpaigh
(N10-0004/2026 – C10-0020/2026 – 2026/0802(NLE))

An Coiste um Ghnóthaí Eacnamaíochta agus Airgeadaíochta

Rapóirtéir: Aurore Lalucq

CLÁR

Leathanach

TOGRA LE hAGHAIDH CINNEADH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA 3

RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN 5

IARSCRÍBHINN: DEARBHÚ IONCHUIR 6

TOGRA LE hAGHAIDH CINNEADH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

ar an togra le haghaidh cheapachán Chathaoirleach an Údaráis Baincéireachta Eorpaigh
(N10-0004/2026 – C10-0020/2026 – 2026/0802(NLE))

(Formheas)

Tá Parlaimint na hEorpa,

– ag féachaint don ghearrliosta d'iarrthóirí cáilithe do phost Chathaoirleach an Údaráis Baincéireachta Eorpaigh arna tharraingt suas ag a Bhord Maoirseoirí,

– ag féachaint do litir ón gComhairle an 4 Feabhra 2026 ina moltar go gceapfaí François-Louis Michaud ina Cathaoirleach ar an Údarás Baincéireachta Eorpach (C10-0020/2026),

– ag féachaint d'Airteagal 48(2) agus (3) de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (an tÚdarás Baincéireachta Eorpach), lena leasaítear Cinneadh Uimh. 716/2009/CE agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2009/79/CE ón gCoimisiún[1],

– ag féachaint do rún uaithi an 14 Márta 2019 maidir le cothromaíocht inscne in ainmniúcháin ghnóthaí eacnamaíocha agus airgeadaíochta an Aontais[2],

– ag féachaint do rún uaithi an 16 Eanáir 2020 maidir le hinstitiúidí agus comhlachtaí an Aontais Eacnamaíoch agus Airgeadaíochta: coinbhleachtaí leasa tar éis fostaíocht phoiblí a chosc[3],

– ag féachaint do Riail 135 dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Ghnóthaí Eacnamaíochta agus Airgeadaíochta (A10 0000/2026),

A. de bhrí gur éirigh Cathaoirleach reatha an Údaráis Baincéireachta Eorpaigh as oifig an 31 Eanáir 2026;

B. de bhrí go bhforáiltear le hAirteagal 48(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 go roghnófar Cathaoirleach an Údaráis Baincéireachta Eorpaigh ar bhonn fiúntais, scileanna, eolais ar institiúidí airgeadais agus ar mhargaí airgeadais, agus ar bhonn taithí atá ábhartha maidir le maoirseacht agus rialáil airgeadais, tar éis nós imeachta roghnúcháin oscailte lena n-urramófar prionsabal na cothromaíochta inscne;

C. de bhrí gur mhol an Chomhairle François-Louis Michaud a cheapadh, ar dheimhniú ó

[1] IO L 331, 15.12.2010, lch. 12, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2010/1093/oj.
[2] IO C 23, 21.1.2021, lch. 105.
[3] Téacsanna arna nglacadh, P9_TA(2020)0017.

Pharlaimint na hEorpa, mar Chathaoirleach ar an Údarás Baincéireachta Eorpach ar feadh téarma oifige 5 bliana, i gcomhréir le hAirteagal 48(2) agus (3) de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010;

D. de bhrí, an 25 Feabhra 2026, go raibh éisteacht ag an gCoiste um Ghnóthaí Eacnamaíochta agus Airgeadaíochta le François-Louis Michaud, éisteacht ina ndearna sé ráiteas tosaigh agus inar fhreagair sé ceisteanna ó chomhaltaí an Choiste ina dhiaidh sin;

1. [Ag formheas/ag diúltú go bhformheasfar] François-Louis Michaud a cheapadh mar Chathaoirleach ar an Údarás Baincéireachta Eorpach [, agus ag iarraidh go dtarraingeofaí siar an togra agus go dtíolacfaí togra nua];

2. á threorú dá hUachtarán an cinneadh seo a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún, chuig an Údarás Baincéireachta Eorpach agus chuig rialtais na mBallstát.

RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN

Tarraingíodh an tuarascáil seo suas tar éis fheidhmiú na gcumhachtaí arna ndeonú do Pharlaimint na hEorpa faoi Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 ag an gCoiste um Ghnóthaí Eacnamaíochta agus Airgeadaíochta, go háirithe Airteagal 48 de, agus tar éis nósanna imeachta bunaithe an Choiste um Ghnóthaí Eacnamaíochta agus Airgeadaíochta maidir le ceapacháin chuig comhlachtaí rialála agus maoirseachta sa réimse eacnamaíoch agus airgeadais.

IARSCRÍBHINN: DEARBHÚ IONCHUIR

Dearbhaíonn an rapóirtéir, faoina freagracht eisiach, nár chuir sí san áireamh ina tuarascáil aon ionchur ó ionadaithe leasa a thagann faoi raon feidhme an Chomhaontaithe Idirinstitiúidigh maidir le clár trédhearcachta sainordaitheach[1], ná ó ionadaithe údarás poiblí tríú tíortha, lena n-áirítear a misin taidhleoireachta agus a n-ambasáidí, atá le liostú san Iarscríbhinn seo de bhun Airteagal 8 d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis na Rialacha Nós Imeachta.

[1] Comhaontú Idirinstitiúideach an 20 Bealtaine 2021 idir Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus an Coimisiún Eorpach maidir le clár trédhearcachta sainordaitheach (IO L 207, 11.6.2021, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_interinstit/2021/611/oj)